2026/1762

22.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1762 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Iúil 2026

lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta, modheolaíochtaí tástála agus ceanglais riaracháin maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin mótarfheithiclí de chatagóirí M_1 agus N_1

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3), pointe (i), agus Airteagal 14(4), pointí (a), (q), (s), (u) agus (v), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Rialachán seo na ceanglais theicniúla is gá a shocrú le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí córas coscánaithe i gcás feithiclí atá le hainmniú mar fheithiclí 'Euro 7', feithiclí 'Euro 7G', feithiclí 'Euro 7ext' nó feithiclí 'Euro 7Gext' i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2024/1257 agus úsáid á baint as coscánú frithchuimilte, lena mbaineann meascán d'ábhair thirime frithchuimilte agus diosca coscáin cúplála nó druma coscáin nó ina n-úsáidtear cineál éigin coscánaithe frithchuimilte ina seirbhís. Ba cheart na ceanglais theicniúla sin a bheith bunaithe ar an obair a dhéantar i bhFóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí ([2]) (UN WP.29) agus go sonrach Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe ([3]).

(2) Chun costais tástála agus ualaí riaracháin ar mhonaróirí a laghdú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar iomaíochas thionscal gluaisteán an Aontais agus a ardchaighdeáin chomhshaoil agus sábháilteachta á gcoinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart nósanna imeachta tástála, modheolaíochtaí agus seiceálacha cuíchóirithe a bhunú. Chun tástáil iomarcach a sheachaint agus chun comhsheasmhacht le dea-chleachtais dhomhanda a áirithiú, is iomchuí ailíniú a dhéanamh le ceanglais theicniúla, tástálacha agus modheolaíochtaí atá comhchuibhithe go hidirnáisiúnta a eascraíonn as Rialacháin Uimh. 83 ([4]) agus Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

(3) Ba cheart a áireamh sna nósanna imeachta tástála le haghaidh astaíochtaí córais coscánaithe rannchuidiú na gcoscán frithchuimilte faoi dhálaí oibriúcháin éagsúla, chun a áirithiú go léireofar fíorastaíochtaí go cruinn, agus ar an gcaoi sin an tsláinte agus an comhshaol a chosaint agus deimhneacht dhlíthiúil á soláthar do mhonaróirí an tráth céanna. Chun nuálaíocht a spreagadh agus a áirithiú an tráth céanna go mbainfear caighdeáin dhiana astaíochtaí amach, ba cheart ábhair agus teicneolaíochtaí coscáin éagsúla a chur san áireamh freisin sna nósanna imeachta tástála le haghaidh astaíochtaí ó choscáin, lena n-áirítear córais choscánaithe athghiniúnacha agus hibrideacha.

([1]) IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj.

([2]) I gcás Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, léiríonn an tsraith leasuithe a luaitear an leagan a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm ag forlíontaí ar an tsraith leasuithe a luaitear san Iris Oifigiúil a fhoilseofar beag beann ar a bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar mhalairt air sin, glacfar le sraith nua leasuithe a glacadh tar éis na sraithe leasuithe a luaitear san Iris Oifigiúil a fhoilseofar.

([3]) Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí coscáin a thomhas sa tsaotharlann [2026/1044] (IO L, 2026/1044, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1044/oj).

([4]) Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí maidir le hastú truailleán de réir ceanglais breosla innill [2026/1086] (IO L, 2026/1086, 29.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1086/oj).

(4) Ba cheart róil agus freagrachtaí na monaróirí, na n-údarás cineálcheadaithe agus na n-údarás um fhaireachas margaidh a leagan amach chun forfheidhmiú éifeachtach na gcaighdeán maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin a áirithiú, chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú d'oibreoirí eacnamaíocha, agus chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a ráthú. Ba cheart a áireamh leis sin oibleagáidí doiciméadachta le haghaidh feidhmíocht córas coscánaithe thar shaolré na bhfeithiclí, comhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí, agus úsáid teimpléad caighdeánaithe, lena n-áirítear an Doiciméad Faisnéise Samhla, Deimhniú ar Chineálcheadú AE le haghaidh dearbhuithe comhlíontachta, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, chomh maith leis na tuarascálacha tástála is infheidhme. Ba cheart cineálcheadú, agus tástáil comhréireachta inseirbhíse a chumhdach leis na tuarascálacha tástála sin – lena n-áirítear nósanna imeachta a shonraítear i Rialacháin Uimh. 83 agus Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe. Leis sin, ba cheart ualaí riaracháin a laghdú agus costais chomhlíontachta a íoslaghdú, agus ar an gcaoi sin tacú leis an nuálaíocht agus le dianchosaint an chomhshaoil araon.

(5) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí agus d'údaráis cheadaithe oiriúnú do na ceanglais nua a leagtar síos in Airteagal 7(2) agus in Iarscríbhinn IV, déanfar cur i bhfeidhm Airteagal 7(2) agus Iarscríbhinn IV a chur siar. Dá bhrí sin, beidh feidhm ag na forálacha sin ó 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(6) Nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil mar thoradh ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 ([5]) agus (AE) 2018/1725 ([6]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith leis an dlí náisiúnta ábhartha i gcomhréir leis na Rialacháin sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Teicniúil – Mótarfheithiclí (CTMF),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cineálcheadú astaíochtaí i dtaca le córais choscánaithe na mótarfheithiclí a bhaineann leis na catagóirí feithiclí seo a leanas:

(1) M_1 agus N_1;

(2) N_2 ainmnithe mar 'Euro 7ext' agus 'Euro 7Gext' i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/1257.

Airteagal 2

Ceanglais maidir le cineálcheadú astaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an gcóras coscánaithe

1. Chun críoch cineálcheadaithe astaíochtaí faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2024/1257, léireoidh an monaróir go gcomhlíonann an córas coscánaithe gach ceann díobh seo a leanas:

(a) tá an teaglaim d'aicmí astaíochtaí chúinne an choscáin ar acastóir tosaigh agus acastóir cúil ina cuid den chineál céanna feithicle maidir le hastaíochtaí ó choscáin, mar a shainítear i mír 3.0 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe;

([5]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(b) comhlíonann an córas coscánaithe na ceanglais a leagtar amach in:

(i) Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(ii) míreanna 7 agus 8 de Rialachán Uimh. 179 de chuid NA.

2. Déanfaidh an monaróir an córas coscánaithe a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

Airteagal 3

Iarratas ar chineálcheadú astaíochtaí córais coscánaithe

Cuirfidh an monaróir iarratas ar chineálcheadú astaíochtaí córais coscánaithe faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonaithe faoi Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2024/1257 agus faoi thábla 11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an doiciméad faisnéise samhla a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Forálacha riaracháin maidir le cineálcheadú astaíochtaí córais coscánaithe

1. Chun críche tástála i gcomhréir le hAirteagail 7(1) agus 10(1) de Rialachán (AE) 2024/1257, úsáidfidh monaróirí, na seirbhísí teicniúla agus na húdaráis chineálcheadaithe deonaithe na teimpléid agus na samhlacha, na nósanna imeachta tástála agus na tuarascálacha tástála a leagtar amach in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Chun cineálcheadú astaíochtaí a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2024/1257 agus chun an deimhniú comhfhreagrach a eisiúint, úsáidfidh an t-údarás ceadaithe an tsamhail a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Sannfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe uimhir cineálcheadaithe astaíochtaí i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún ([7]) agus leis an tábla focharachtar a leagtar amach i dTábla 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún ([8]).

Airteagal 5

Leasuithe ar chineálcheaduithe astaíochtaí

Agus Airteagail 27, 33 agus 34 de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) á gcur i bhfeidhm maidir le leasuithe agus athbhreithnithe a dhéanamh ar chineálcheaduithe i ndáil le córais choscánaithe, agus maidir le síntí a chur le cineálcheaduithe den sórt sin, comhlíonfaidh monaróirí agus údaráis chineálcheadaithe míreanna 9.1 agus 9.4 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe freisin.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/683/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí M1 agus N1 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

Airteagal 6

Comhréireacht Táirgeachta

1. Agus tástálacha á gcur i bhfeidhm le linn na tástála ar chomhréireacht táirgeachta i gcomhréir le hIarscríbhinn V, táblaí 11 agus 12 a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, comhlíonfaidh monaróirí agus údaráis chineálcheadaithe deonaithe na ceanglais a leagtar síos i mír 10 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

2. Déanfaidh údaráis cheadaithe seiceáil ar chomhréireacht táirgeachta ar bhonn na tuairisce sa deimhniú ar chineálcheadú a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II.

Airteagal 7

Comhréireacht Inseirbhíse

1. Agus tástálacha á ndéanamh chun sciar an choscánaithe frithchuimilte aonair a fhíorú i gceaduithe ina ndéantar comhéifeachtaí an sciar coscánaithe frithchuimilte a thomhas i gcomhréir le hIarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 5 ó na Náisiúin Aontaithe chun críoch comhréireachta inseirbhíse ar bhonn roghnach i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, cuirfidh na Ballstáit agus tríú páirtithe aitheanta na ceanglais comhréireachta inseirbhíse a leagtar amach in Iarscríbhinn 12 a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm.

2. I gcás córais choscánaithe chineálcheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 3, déanfaidh an monaróir na sonraí uile a bhaineann le comhréireacht inseirbhíse dá dtagraítear faoi Iarscríbhinní 4 agus 12 a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe a uaslódáil ar an ardán leictreonach um chomhréireacht inseirbhíse, chomh maith leis na ceanglais shonracha maidir leis an liosta trédhearcachta a bhfuil feidhm acu maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh.

Airteagal 8

Feistí cúblála agus straitéisí cúblála le haghaidh córais choscánaithe

Comhlíonfar an ceanglas maidir le heaspa feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le córais choscánaithe a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2024/1257 má fhormheasann an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an doiciméadacht a sholáthraíonn an monaróir chun críoch cineálcheadaithe i gcomhréir le mír 4.4. de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmeanna coscánaithe méadaithe astaíochtaí, mar a shainmhínítear i bpointe 3.7.19. de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón dáta sin.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 7, pointe (2), agus Iarscríbhinn IV ó 18 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I

1. RÉAMHRÁ

1.1. Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na ceanglais ghinearálta agus theicniúla le haghaidh tuarascálacha tástála a bhaineann le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin.

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe ([1]) maidir leis na tuarascálacha tástála dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

2.2. Áireofar an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe ag na céimeanna éagsúla den cheadú astaíochtaí coscáin mar a thuairiscítear i bhFíor A1/1 de ('F*orbhreathnú ar na tuarascálacha éagsúla le linn ceadú astaíochtaí ó choscáin*').

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

3.1. Na tuarascálacha tástála a eiseoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe agus an tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh faoi Airteagal 4(1) den Rialachán seo, comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

([1]) Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí coscáin a thomhas sa tsaotharlann [2026/1044] (IO L, 2026/1044, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1044/oj).

Foscríbhinn 1

Tuarascáil ar Thástáil Aicme Astaíochtaí Chúinne an Choscáin

Beidh feidhm ag Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tuarascáil ar thástáil aicme astaíochtaí chúinne an choscáin.

Déanfar an tuarascáil ar thástáil aicme astaíochtaí chúinne an choscáin an athuair le haghaidh an acastóra tosaigh agus an acastóra cúil.

Foscríbhinn 2

Tuarascáil ar Thástáil maidir le Comhéifeacht an Sciar Coscánaithe Frithchuimilte Aonair (c-fhachtóir)

Beidh feidhm ag Foscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tuarascáil ar thástáil maidir le comhéifeacht an sciar coscánaithe frithchuimilte aonair (c-fhachtóir).

Déanfar an tuarascáil ar thástáil maidir le comhéifeacht an sciar coscánaithe frithchuimilte aonair (c-fhachtóir) an athuair, de réir mar is infheidhme, maidir le gach tomhas feithicle aonair.

Foscríbhinn 3

Tuarascáil Taispeána maidir le Comhlíontacht an Chineáil Feithicle

Beidh feidhm ag Foscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tuarascáil taispeána maidir le comhlíontacht an chineáil feithicle.

IARSCRÍBHINN II

CINEÁLCHEADÚ

1. RÉAMHRÁ

1.1. Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na ceanglais ghinearálta agus theicniúla is infheidhme maidir le cineálcheadú astaíochtaí córas coscánaithe.

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Beidh feidhm ag míreanna 4 agus 7 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cineálcheadú astaíochtaí córas coscánaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

3.1. Beidh feidhm ag mír 8 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis na ceanglais theicniúla le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí córas coscánaithe.

3.2. Comhlíonfaidh an nós imeachta cineálcheadaithe astaíochtaí córas coscánaithe na ceanglais a leagtar amach sna Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

Foscríbhinn 1

Uimhir an Doiciméid Faisnéise SAMHLA

a bhaineann le cineálcheadú AE córas coscánaithe

Beidh an Doiciméad Faisnéise Samhla seo a bhaineann le cineálcheadú AE córas coscánaithe ina léiriú ar theimpléad agus faisnéis an Doiciméid Faisnéise Samhla a leagtar síos in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leagtar síos in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe, i gcás inarb infheidhme, agus beidh liosta ábhar san áireamh inti. Soláthrófar aon líníocht ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

Foscríbhinn 2

SAMHAIL DE DHEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE

(Uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm))

DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE CÓRAS COSCÁNAITHE

Stampa riaracháin

Teachtaireacht maidir leis an méid seo a leanas:

— Cineálcheadú AE [1],

— síneadh le cineálcheadú AE [1],

— diúltú do chineálcheadú AE [1],

— cineálcheadú AE a tharraingt siar [1],

Uimhir cineálcheadaithe AE: … Cúis leis an síneadh: …

ROINN I

0.1. Déantús (trádainm an mhonaróra): …

0.2. Cineál: …

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála (má tá siad ar fáil): …

0.3. Modh sainaitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil [2]

0.3.1. Suíomh na marcála sin: …

0.4. Catagóir feithicle [3]

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra: …

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála: …

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme [5]: …

ROINN II

0. Aitheantóir(í) aicme astaíochtaí chúinne an choscáin mar a shainítear i mír 7 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe

1. Faisnéis bhreise (i gcás inarb infheidhme):

2. Seirbhís theicniúil atá freagrach as an tuarascáil taispeána maidir le comhlíontacht an chineáil feithicle a eisiúint: …

3. Dáta na tuarascála taispeána maidir le comhlíontacht an chineáil feithicle: …

4. Uimhir na tuarascála taispeána maidir le comhlíontacht an chineáil feithicle: …

5. Barúlacha (más ann dóibh):

6. Áit: …

7. Dáta: …

8. Síniú: …

Nótaí míniúcháin

(1) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme (tá cásanna ann nach gá aon rud a scriosadh i gcás ina bhfuil níos mó ná iontráil amháin infheidhme).

(2) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha i leith tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil faoi leith arna a chumhdaítear leis an bhfaisnéis seo sa mheán aitheantais cineáil, déanfar na carachtair sin a léiriú sa doiciméadacht leis an tsiombail '?' (e.g. ABC??123??).

(3) Mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858.

(4) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(24) de Rialachán (AE) 2018/858.

(5) 'Ionadaí an mhonaróra' mar a shainmhínítear in Airteagal 3(41) de Rialachán (AE) 2018/858.

IARSCRÍBHINN III

NÓSANNA IMEACHTA TÁSTÁLA

1. RÉAMHRÁ

1.1. Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na ceanglais ghinearálta agus theicniúla le haghaidh nósanna imeachta tástála a bhaineann le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin.

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis na nósanna imeachta tástála dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA

3.1. Comhlíonfaidh na nósanna imeachta agus na modheolaíochtaí tástála na ceanglais a leagtar amach sna Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

Foscríbhinn 1

Teagmhais Thimthriall Coscán WLTP

Beidh Teagmhais Thimthriall Coscán WLTP ina léiriú ar an Nós Imeachta um Thimthriall Coscán WLTP i gcomhréir le Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

Foscríbhinn 2

Teagmhais Choscánaithe Thimthriall Coscán WLTP

Beidh Teagmhais Thimthriall Coscán WLTP ina léiriú ar an Nós Imeachta um Theagmhais Choscánaithe Thimthriall Coscán WLTP i gcomhréir le Foscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

Foscríbhinn 3

Modh chun Comhéifeachtaí Sciar Coscánaithe Frithchuimilte a Bhaineann go Sonrach le Feithicil a Thomhas agus a Ríomh

Beidh an Modh chun Comhéifeachtaí an Sciar Coscánaithe Frithchuimilte a Bhaineann go Sonrach le Feithicil a Thomhas agus a Ríomh ina léiriú ar an Modh chun Comhéifeachtaí an Sciar Coscánaithe Frithchuimilte a Bhaineann go Sonrach le Feithicil a Thomhas agus a Ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe.

IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA TRÉDHEARCACHTA

Tábla 1

Liosta trédhearcachta 1 le haghaidh córais choscánaithe

1	Aitheantóir Astaíochtaí Chúinne an Choscáin - acastóir tosaigh	téacs	--	Dá dtagraítear i mír 7.2 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe
2	Aitheantóir Astaíochtaí Chúinne an Choscáin - acastóir deiridh	téacs	--	Dá dtagraítear i mír 7.2 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe
3	Comhéifeacht Sciar Coscánaithe Frithchuimilte (c-fhachtóir)	uimhir	--	Dá dtagraítear i míreanna 7.1 agus 7.2 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe
4	Suíomhanna saotharlainne	téacs	--	Dá dtagraítear i míreanna 7.1.3. agus 8 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe

Tábla 2

Liosta trédhearcachta 2 le haghaidh córais choscánaithe

Réimse	Cineál sonraí	Tuairisc
Aitheantóir Astaíochtaí Chúinne an Choscáin - acastóir tosaigh	téacs	Mar a shainmhínítear i mír 7.2 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe
Aitheantóir Astaíochtaí Chúinne an Choscáin - acastóir deiridh	téacs	Mar a shainmhínítear i mír 7.2 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe